CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/109 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 11 Eanáir 2023

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Ghinearálta

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 27 mBreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2022, lena n-áirítear téarma oifige Beatrix RICZIOVÁ, a ceapadh mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta, ar thogra ó Rialtas Phoblacht na Slóvaice, le Cinneadh (AE) 2022/1046 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ([1]). Ba cheart, dá bhrí sin, ceapachán a dhéanamh don phost sin don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(2) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Beatrix RICZIOVÁ mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.

(3) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Beatrix RICZIOVÁ ina Breitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Eanáir 2023.

An tUachtarán
L. DANIELSSON

([1]) Cinneadh (AE) 2022/1046 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 29 Meitheamh 2022 lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta (IO L 173, 30.6.2022, lch. 77).